## Réamhrá

Is é cuspóir an bheartais seo ná treoir a thabhairt maidir le gach gné d'obair dheonach agus de thaithí oibre in BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire.

## Sainmhíniú ar Oibrí Deonach

Is féidir leis an BOO oibrithe deonacha a earcú ar bhonn réamhghníomhach. Féadfaidh oibrithe deonacha ionchais cur isteach ar bhonn trialach nó teacht trí sheirbhís socrúcháin d'oibrithe deonacha. Áirítear mic léinn taithí oibre/socrúcháin atá ag obair i scoileanna/in ionaid/i gcláir BOO Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire sa sainmhíniú ar oibrí deonach chomh maith.

Ní mór go mbeidh daoine aonair in ann tiomantas d'aidhmeanna na scoile/an ionaid/an chláir agus ní chuirfear ar shocrúchán iad ach sa chás go gcomhlíonfaidh a gcuid riachtanas, eolais agus scileanna riachtanais na scoile/an ionaid/an chláir. Ní ghlacfar aon duine a bhfuil coinbhleacht leasa aige/aici maidir le haon ghné de BOO mar oibrí deonach. Ní bhfaighidh an t-oibrí deonach aon luach saothair airgeadais.

Nóta: Ní mheasfar gur rogha mhalartach ar fhostaíocht íoctha í obair Oibrithe Deonacha BOO Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire choíche. Tacaíonn obair na n-oibrithe deonacha le hobair na foirne íoctha agus tagann sí léi.

Ní mór go sásóidh iarratasóirí taithí oibre (i suíomh seomra ranga) ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

- Céim a bheith acu i réimse ábhartha oideachais
- A bheith cláraithe i gcoláiste oiliúna múinteoirí agus a bheith ag iarraidh cleachtadh múinteoireachta mar chuid dá gcúrsa (féadfaidh an coláiste é sin a shocrú)
- Tús curtha le cáilíocht teagaisc iarchéime PDE (nó a bheith ar tí í sin a thosú gan mhoill)
- Ní mór go ndéanfar grinnfhiosrúchán orthu i gcomhréir le Beartas Grinnfhiosrúcháin BOOÁCDL a bhfuil an tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 mar bhonn faoi

## Ionchais BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

Táthar ag súil go gcomhaontóidh an t-oibrí deonach:

- Dea-chlú agus dea-cháil BOO agus na scoile/an ionaid/an chláir a choinneáil agus tacú leo
- Díriú ar ardchaighdeáin éifeachtúlachta, iontaofachta agus cháilíochta i ngach gné den obair
- comhoibriú le baill foirne íoctha, éisteacht leis an méid ráite acu agus foghlaim uaidh agus oibriú chun aidhmeanna na scoile/an ionaid/an chláir a bhaint amach
- meas a bheith acu ar an ngá le rúndacht
- aire fhreagrach a thabhairt dá sláinte agus dá sábháilteacht féin agus iad ag déanamh obair dheonach
- aire réasúnach a thabhairt do dhaoine eile a bhféadfaidh tionchar a bheith orthu mar gheall ar a ngníomhartha nó neamhghníomhartha
- Cumarsáid sa dá threo a spreagadh le hoibrithe deonacha eile agus baill foirne íoctha agus timpeallacht dheas chairdiúil a chothú.
- Cur in iúl dá maoirseoir má tá siad ar an sceideal ach mura bhfuil siad ar fáil le freastal, ionas gur féidir socruithe eile a dhéanamh
- Aird a thabhairt ar gach áitreabh, trealamh agus réadmhaoin de chuid BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
- Gan aon taifid ar leis an scoil/an ionad/an gclár nó le Baile Átha Cliath agus Dún Laoghaire iad a bhaint den áitreabh ag am ar bith gan údarú cuí roimh ré agus aon taifid agus aon mhaoin ar leis an scoil/an ionad/an gclár nó le Baile Átha Cliath agus Dún Laoghaire iad a thabhairt ar ais do BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire nuair a iarrtar iad agus, i gcás ar bith, ag deireadh na tréimhse oibre deonaí.

## Mar bhuíochas

Meastar in BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire gur acmhainn luachmhar iad oibrithe deonacha agus tá sé mar aidhm aige oiliúint a chur ar a oibrithe deonacha, tacú leo agus maoirseacht a dhéanamh orthu ar an mbealach is fearr is féidir leis agus gníomhú go tapa agus go cothrom má eascraíonn deacrachtaí.

Aontaíonn BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ar na nithe seo a leanas:

- Aithint go n-áirítear le rannpháirtíocht rathúil oibrithe deonacha cúiseanna, ardaidhmeanna agus rogha an oibrí dheonaigh.
- Meas a léiriú ar an oibrí deonach, éisteacht leis an méid ráite aige/aici agus foghlaim uaidh agus cumarsáid sa dá threo a spreagadh, go háirithe maidir le haiseolas fiúntach.
- Iarracht a dhéanamh riachtanais na heagraíochta a mheaitseáil le scileanna, eolas, taithí agus cúis an oibrí dheonaigh.

- Sláinte, sábháilteacht agus leas gach oibrí dheonaigh a chinntiú agus iad ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí oibre deonaí.
- Timpeallacht chairdiúil thacúil a chothú – chun eispéireas sásúil do chách a dhéanamh d'obair dheonach.
- Déileáil leis na sonraí go léir a bhaineann leis an oibrí deonach ar bhealach rúnda.
- Obair dhearfach an oibrí a aithint i scríbhinn.
- Meas a léiriú ar cheart an oibrí deireadh a chur lena c(h)aidreamh leis an ionad.

## Nós Imeachta Iarratais

Déileálfar go pras le tairiscintí ó oibrithe deonacha a chuireann seirbhísí ar fáil do BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire.

Glacfar an nós imeachta seo a leanas:

- Tabharfar faisnéis do gach oibrí deonach faoi riachtanais na scoile/an ionaid/an chláir maidir le hobair dheonach agus iarrfar orthu **foirm iarratais d'oibrithe deonacha** a chomhlánú.
- Déanfaidh an Príomhoide/an Bainisteoir/an Comhordaitheoir Cláir measúnú ar an bhfoirm iarratais sin.
- Seiceálfar an tseirbhís arna tairiscint ag an oibrí deonach in aghaidh Polasaí Earcaíochta agus Polasaí Árachais BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire. Rachaidh an Príomhoide/an Bainisteoir/an Comhordaitheoir i mbun plé le Rannóg AD BOO chun saincheisteanna fós le réiteach a shoiléiriú.
- Rachaidh an Príomhoide/an Bainisteoir/an Comhordaitheoir i dteagmháil leis **an mbeirt mholtóirí** atá ainmnithe ar an bhfoirm iarratais agus iarrfaidh sé/sí ar an mbeirt acu teistiméireacht faoi charachtar an iarratasóra a thabhairt.
- Cuirfear iarratasóirí ar an eolas faoina n-iarratas i scríbhinn má d'éirigh leis nó murar éirigh.
- Tabharfar cuireadh d'iarratasóirí ar éirigh leo ina n-iarratas scríofa bualadh leis an bPríomhoide/an mBainisteoir/an gComhordaitheoir agus/nó leis an bhfoireann. Sa chruinniú sin déanfar cinneadh ar a oiriúnaí atá an t-oibrí deonach do róil agus tascanna na heagraíochta.
- Comhlánóidh agus síneoidh an t-oibrí deonach agus an Príomhoide/an Bainisteoir/an Comhordaitheoir Comhaontú um Obair Dheonach ag deireadh an phróisis thuas.

Ceanglófar ar iarratasóirí ar éirigh leo (os cionn 18 mbliana d'aois):

1. Dul faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Ní mór go ndéanfar grinnfhiosrúchán orthu i gcomhréir le Beartas Grinnfhiosrúcháin BOOÁCDL a bhfuil an tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 mar bhonn faoi
   Déanann BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire é sin de ghnáth, seachas sna cásanna seo a leanas.
   - Nuair a shocraítear grinnfhiosrúchán do mhúinteoirí faoi oiliúint tríd an gColáiste Oiliúna/Ollscoil ábhartha, ní mór don scoil an bhunlitir ghrinnfhiosrúcháin ina leagtar amach an toradh ar an ngrinnfhiosrúchán a fuair an múinteoir faoi oiliúint ón gColáiste Oiliúna/Ollscoil a fháil agus í sin a chur ar aghaidh chuig an Rannóg Acmhainní Daonna (AD) leis an bhFoirm Iarratais um Obair Dheonach.

     Gan doiciméad den sórt sin, ní mór don oibrí deonach/mac léinn ar shocrúchán oibre foirm Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána de chuid BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire a chomhlánú, ar cheart í a chur ar aghaidh chuig an Rannóg AD lena próiseáil.

     **Is féidir leis an bPróiseas 4-6 seachtaine a thógáil agus ní féidir leis an oibrí deonach tosú go dtí go mbeidh próiseas Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána críochnaithe.** Beartas Grinnfhiosrúcháin BOOÁCDL

Féadfar a cheangal ar an Oibrí Deonach an méid seo a leanas a dhéanamh:

2. A bheith páirteach in oiliúint feasachta maidir le cosaint leanaí. Eagróidh an Príomhoide/an Bainisteoir/an Comhordaitheoir í sin.

Ceanglófar ar iarratasóirí a n-éiríonn leo (16/17 mbliana d'aois):

1. Cead tuismitheora/caomhnóra a sholáthar, i scríbhinn
2. Dul faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána (le cead tuismitheora/caomhnóra)
3. Oibriú i gcomhréir leis an Acht um Chosaint Daoine Óga (fostaíocht), 1996

## Oiliúint Ionduchtúcháin

Déanfaidh an Príomhoide/an Bainisteoir/an Comhordaitheoir an oiliúint ionduchtúcháin, roimh thús na ndualgas oibre deonaí, agus míneoidh sé/sí go soiléir:

- Ról agus tascanna an oibrí dheonaigh
- Na nósanna imeachta a bhaineann leis na tascanna

- Nósanna Imeachta um Shláinte & Sábháilteacht lena n-áirítear nósanna imeachta um aslonnú éigeandála
- Stair, cuspóirí, éiteas agus leagan amach na scoileanna/na n-ionad/na gclár
- Treoirlínte na Scoile/an Ionaid/na gClár um Dhea-Chleachtas
- Na caidrimh idir an Príomhoide/an Bainisteoir/an Comhordaitheoir Cláir, foireann íoctha agus an t-oibrí deonach; na mic léinn/na foghlaimeoirí/na rannpháirtithe cláir agus an t-oibrí deonach; an scoil/an t-ionad/an clár agus an t-oibrí deonach.
- Ní mór d'oibrithe deonacha faomhadh roimh ré a iarraidh ón bPríomhoide/mBainisteoir/gComhordaitheoir Cláir sula ndéanfaidh siad aon rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar scoil/ionad/clár BOO. Áirítear leis sin ráitis do na meáin, comhthionscnaimh le comhlachtaí eile agus comhaontuithe a bhaineann le hoibleagáidí conarthacha nó airgeadais, ach gan a bheith teoranta dóibh siúd.
- Tacaíocht don oibrí deonach e.g. scáthfhoghlaim, tuairisciú, maoirsiú agus nósanna imeachta athbhreithnithe agus an duine a sholáthróidh an tseirbhís sin (ba(i)ll foirne ainmnithe). Déanfar maoirseacht ar oibrithe deonacha óige i.e. faoi bhun 18 mbliana d'aois, i gcónaí.
- Coinníollacha oibre don oibrí deonach (bileog ama, gnás feistis, spás oibre, sosanna, fad seirbhíse etc.)
- Nósanna imeachta tuairiscithe

Soláthróidh an t-oibrí deonach agus an Príomhoide/an Bainisteoir/an Comhordaitheoir Cláir/an ball foirne Íoctha doiciméid ina leagtar amach:

1. Róil agus tascanna an oibrí dheonaigh
2. Na nósanna imeachta a bhaineann le gach tasc
3. Na nósanna imeachta monatóireachta agus soláthar aiseolais fhiúntaigh le déanamh ag baill foirne ainmnithe
4. Coinníollacha oibre an oibrí dheonaigh
5. An tréimhse phromhaidh
6. An fad seirbhíse
7. Rialacha na scoile/an ionaid/an chláir de réir mar a bhaineann siad leis an oibrí deonach
8. An nós imeachta maidir le hábhair imní agus casaoidí a thuairisciú

**FÉADFAIDH DEIREADH TEACHT LE CAIDREAMH AN OIBRÍ DHEONAIGH LE BOO ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE MÁ MHAINNÍONN SÉ/SÍ CLOÍ LE RIALACHA AGUS RIALACHÁIN NA SCOILE/AN IONAID/AN CHLÁIR.**

## Agallaimh Fágála

Nuair is féidir, reáchtáiltear agallaimh fágála neamhfhoirmiúla le haon oibrithe deonacha a fhágann an scoil/an t-ionad/an clár, mar go bhfuil deireadh a dtionscadail bainte amach acu, nó mar go bhfuil siad ag fágáil ar chúis éigin eile. Déantar agallaimh de ghnáth le hiarmhaoirseoir an oibrí dheonaigh agus coimeádtar taifid scríofa. Ba cheart go bhfaighfí amach sa seisiún cén fáth a bhfuil an t-oibrí deonach ag fágáil, cad a cheap siad faoin eispéireas oibre deonaí agus cé na moltaí a thugann siad chun feabhas a chur ar an gcaoi a n-oibríonn an eagraíocht.

## Freagracht

Tá an Príomhoide/an Bainisteoir Ionaid/an Comhordaitheoir Cláir freagrach as a chinntiú go gcuirfear an beartas agus na nósanna imeachta sa doiciméad seo chun feidhme go héifeachtúil agus go héifeachtach. Táthar ag súil go n-éascóidh na baill foirne agus na hoibrithe deonacha eile go léir an próiseas sin.

Cur Chun Feidhme agus Athbhreithniú
Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas seo go tréimhsiúil agus i bhfianaise aon athruithe reachtaíochta agus nós imeachta.

Aguisíní
1. Foirm Iarratais um Obair Dheonach / Thaithí Oibre
2. Foirm Theistiméireachta
3. Comhaontú um Obair Dheonach / Thaithí Oibre

TÁ AN LEAGAN AR LÍNE FAOI RIALÚ. TÁ LEAGAN ÍOSLÓDÁILTE NÓ CÓIP CHRUA GAN RIALÚ

## Aguisín 1

# BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE

## FOIRM IARRATAIS UM OBAIR DHEONACH / THAITHÍ OIBRE

Nóta: Tá an fhaisnéis ar an bhfoirm seo faoi rún agus coinneoidh, úsáidfidh agus nochtfaidh (Cuir isteach Ainm Scoile/Ionaid) agus BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire go lárnach í i gcomhréir leis an Nóta um Chosaint Sonraí ar Leathanach 4. Comhlánaigh an fhoirm seo chomh hiomlán agus chomh soiléir agus is féidir.

## SONRAÍ PEARSANTA

| Céadainm: | Sloinne: |
|---|---|

| Seoladh: | | |
|---|---|---|
| Teileafón: | Uimhir Bhaile: | Uimhir Fóin Póca: |
| Ríomhphost: | | |

## CÁILÍOCHTAÍ

| Scoil/Coláiste ar ar Fhreastail Tú | Ó | Go | Teideal Cáilíochta/aí | Leibhéal cáilíochta/aí Onóracha/Pas |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

| Staidéar Reatha - Scoil/Coláiste | Bliain Reatha (1ú /2ú /3ú) | Teideal Cáilíochta | Ábhair |
|---|---|---|---|
| | | | |

## GAIRM GO DTÍ SEO

| Ó | Go | Fostóir | Post | Dualgais |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

| Cad ba mhaith leat a bhaint amach ón taithí oibrí/socrúchán oibre deonaí seo? |
|---|
| |
| **Cén taithí – i bhfostaíocht, oideachas nó rud eile, dar leat, a d'ullmhaigh le haghaidh na taithí oibre/an tsocrúcháin oibre deonaí seo thú?** |
| |
| **Cuir aon spéiseanna/tallanna/scileanna in iúl is féidir leat a thairiscint?** |
| |

**(Lean ar aghaidh ar bhileog ar leith más gá, priontáil ainm ar bharr gach bileoige)**

## DÁTA/AM ATÁ AR FÁIL

| | Luan | Máirt | Céadaoin | Déardaoin | Aoine |
|---|---|---|---|---|---|
| Maidin | | | | | |
| Tráthnóna | | | | | |

| Dátaí | Ó | | Go | |
|---|---|---|---|---|

## GRINNFHIOSRÚCHÁN AN GHARDA SÍOCHÁNA

An ndearna do Choláiste nó an Chomhairle Mhúinteoireachta Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ort?

Rinne ☐

Ní dhearna ☐

**Má rinne** – ceangail bunlitir Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ó do Choláiste/ón gComhairle Mhúinteoireachta (déanfar cóip di agus tabharfar ar ais duit í)

**Mura ndearna** – comhlánaigh agus tabhair ar ais Foirm Iarratais Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána de chuid BOOÁCDL

**Nóta: is féidir le próiseas Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána 4-6 seachtaine a thógáil agus ní mór é sin a chur i gcrích roimh thús na taithí oibre/oibre deonaí**

## MOLTÓIRÍ

| Forchoimeádann BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire an ceart chun dul i dteagmháil leis na moltóirí atá ainmnithe thíos. Caithfidh aithne a bheith ag na moltóirí seo ar an iarrthóir. Ní mór nach daoine de theaghlach nó gaolta leis an iarratasóir iad na moltóirí. Tá aon tairiscint maidir le post taithí oibre/cleachtaidh múinteoireachta le BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire faoi réir teistiméireachtaí sásúla. | | |
|---|---|---|
| | **MOLTÓIR 1** | **MOLTÓIR 2** |
| Ainm: | | |
| Seoladh: | | |

| | | |
|---|---|---|
| Teileafón: | | |
| Conas atá aithne ag an duine seo ort? | | |

## DEARBHÚ

Tá sé de dhualgas ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire aire a thabhairt dá mic léinn. Tá dualgas ar an gCoiste a dheimhniú dó féin nach bhfuil aon fhostaí ina b(h)aol do mhic léinn nó d'fhoireann. Dá bhrí sin, ní mór go gcuirfidh BOO na ceisteanna seo a leanas:

Ar ciontaíodh i gcion coiriúil agus/nó i gcion a bhaineann le Leas Leanaí thú riamh?

Ciontaíodh ☐

Níor ciontaíodh ☐

An bhfuil tú faoi láthair, nó an raibh tú roimhe seo, i d'ábhar imscrúdaithe ag an nGarda Síochána nó ag FSS nó an ndearnadh aon bheart i d'aghaidh riamh maidir le leanbh/leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois, nó aon imscrúdú eile, coiriúil nó a mhalairt, cibé acu a bhí éigiontú nó saoradh mar thoradh air nó nach raibh?

Tá ☐

Níl ☐

Má tá, soláthair mionsonraí:

Deimhním nach bhfuil rud ar bith i mo chúlra pearsanta nó gairmiúil a fhágann nach bhfuil mé oiriúnach do phost a bhaineann le hobair le leanaí nó le daoine fásta leochaileacha. Aontaím go gcloífidh mé leis na téarmaí agus na coinníollacha rannphháirtíochta agus go nglacfaidh mé leo lena n-áirítear an Beartas um Chosaint Leanaí de chuid BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire. Aontaím cead a thabhairt do BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire dul i dteagmháil leis na moltóirí thuas chun teistiméireacht faoi charachtar a fháil.

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a thug mé san iarratas seo fíor agus ceart. Tuigim sa chás go bhfuil aon fhaisnéis bhréagach nó mhíchruinn, go bhforchoimeádann lucht bainistíochta BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire an ceart chun deireadh a chur lena chaidreamh liom mar oibrí deonach.

Tuigim sa chás go dtairgtear post oibre deonaí dom, féadfaidh BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire fiosruithe a dhéanamh le tríú páirtithe leasmhara ábhartha (Tusla agus/nó na Gardaí) maidir le leas leanaí nó le hábhair choiriúla agus **aontaím cloí le nós imeachta Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána de chuid BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire**.

Sínithe ag: ___________________________________ Dáta: ______________

**Go raibh maith agat as do spéis i dtaithí oibre/obair dheonach le BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire.**

| **Seol an fhoirm iarratais chomhlánaithe ar ais chuig:** |
|---|
| |

---

**Le haghaidh úsáid inmheánach amháin (níor cheart d'iarratasóirí an chuid seo a chomhlánú)**

Nótaí:

Dáta Agallaimh (más infheidhme):

---

**<u>Cosaint Sonraí</u>**

**Sonraí Pearsanta ar an bhFoirm seo**

Tá BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003. Tá gá leis na sonraí pearsanta atá soláthraithe ar an bhfoirm iarratais seo chun críocha riaracháin oibre deonaí, leasa leanaí agus chun ár n-oibleagáidí dlíthiúla eile a chomhlíonadh. Féadfar sonraí teagmhála a úsáid chomh maith chun tú a chur ar an eolas faoi imeachtaí nó gníomhaíochtaí na scoile/an ionaid/BOO. Cé go ndéileálfar leis an bhfaisnéis a sholáthraítear mar fhaisnéis faoi rún do BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire go ginearálta, féadfaidh sé a bheith riachtanach dúinn ó am go chéile sonraí pearsanta a roinnt ar bhonn rúnda le comhlachtaí eile lena n-áirítear an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Garda Síochána, agus Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Braithimid ar oibrithe deonacha a thugann faisnéis chruinn iomlán dúinn agus a choinníonn muid ar an eolas maidir le haon athrú ar an bhfaisnéis a soláthraíodh. Má tá fonn ort do shonraí pearsanta/sonraí pearsanta do linbh a uasdátú nó rochtain a fháil orthu, ba cheart duit scríobh chuig an bPríomhoide Scoile, an Bainisteoir Ionaid nó an Comhordaitheoir Cláir.

**An Beartas um Chosaint Sonraí de chuid BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire**

Tá cóip den Bheartas um Chosaint Sonraí ina iomláine de chuid BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ar fáil ag www.ddletb.ie nó má iarrtar í ón bPríomh-Fheidhmeannach, BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, An Oifig Riaracháin, 1 Geata Thuain, Cearnóg Belgard Tamhlacht Thoir Baile Átha Cliath 24 DDLETB-Data-Protection-Policy-May-2018-.pdf

.

**Grianghraif d'Oibrithe Deonacha**

Coimeádann an scoil bunachar sonraí grianghraf d'imeachtaí scoil BOO/ionaid/cláir a reáchtáladh in imeacht na mblianta. Is gnách anois grianghraif de mhic léinn, foireann agus oibrithe deonacha a thógáil atá i mbun gníomhaíochtaí agus imeachtaí chun taifead pictiúrtha agus stairiúil a dhéanamh den saol ag an scoil/an ionad. Féadfar grianghraif a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na scoile/an ionaid/BOO nó i mbróisiúir, nuachtlitreacha, nuachtáin áitiúla agus náisiúnta agus léiriúcháin atá cosúil leo sin. I gcás na ngrianghraf suímh gréasáin, ní thaifeadfar ainmneacha leis an ngrianghraf. Más fearr leat gan do ghrianghraf a chur san áireamh i dtaifid den sórt sin, cuir an Príomhoide Scoile, an bainisteoir Ionaid nó an Comhordaitheoir Cláir ar an eolas faoi sin

**Aguisín 2**

**BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE**
**FOIRM THEISTIMÉIREACHTA UM OBAIR DHEONACH/THAITHÍ OIBRE**

**AINM AN IARRATASÓRA LE HAGHAIDH OBAIR DHEONACH / TAITHÍ OIBRE**

Tá spéis léirithe aige/aici chun a bheith ina (h)oibrí deonach / taithí oibre a dhéanamh le BOOÁCDL agus thug sé/sí d'ainm mar mholtóir. Tabhair teistiméireacht achomair faoi charachtar:

______________________________________________________________
______________________________________________________________
______________________________________________________________
______________________________________________________________
______________________________________________________________
______________________________________________________________
______________________________________________________________
______________________________________________________________
______________________________________________________________
______________________________________________________________
______________________________________________________________
______________________________________________________________
______________________________________________________________
______________________________________________________________

Baineann rochtain ar leanaí agus/nó ar dhaoine fásta leochaileacha leis an bpost seo agus, mar eagraíocht atá tiomanta do leas agus cosaint leanaí agus/nó daoine fásta leochaileacha, teastaíonn uainn go géar a bheith ar an eolas faoi aon chúis ar bith agat le himní faoin iarratasóir seo a bheith i dteagmháil le leanaí/daoine óga nó le daoine fásta leochaileacha.

Tá ☐ Níl ☐

Má tá, rachaimid i dteagmháil leat faoi rún.
Cá fhad atá aithne agat ar an duine seo?
Cén chaoi?

| Sínithe ag: | Dáta: |
|---|---|


TÁ AN LEAGAN AR LÍNE FAOI RIALÚ. TÁ LEAGAN ÍOSLÓDÁILTE NÓ CÓIP CHRUA GAN RIALÚ

| |
|---|
| AINM AN MHOLTÓRA: |
| SEOLADH: |
| FÓN R-PHOST: |

*Seol ar ais chuig:* **[cuir isteach ainm na scoile / an ionaid]**

**Nóta**: Tá an fhaisnéis ar an bhfoirm seo faoi rún agus coinneoidh, úsáidfidh agus nochtfaidh BOO Átha Cliatha agus Dhún Laoghaire é i gcomhréir leis an mBeartas um Chosaint Sonraí.

**Aguisín 3**

**BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE**

**COMHAONTÚ UM OBAIR DHEONACH / THAITHÍ OIBRE**

**Sonraí an Oibrí Dheonaigh**

| | |
|---|---|
| Céadainm: | Sloinne: |

| | | |
|---|---|---|
| Seoladh: | | |
| Teileafón: | Uimhir Bhaile: | Uimhir Fóin Póca: |
| Ríomhphost: | | |
| Teagmhálaí Éigeandála: | Ainm: | Uimhir Theileafóin: |
| **Scoil/Ionad/Clár:** | | |
| **Freagrach do:** | | |
| **Dátaí Oibre Deonaí** | **Ó** | **Go** |

**Uaireanta Comhaontaithe Freastail:**

| | Luan | Máirt | Céadaoin | Déardaoin | Aoine | Satharn | Domhnach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Uaireanta | | | | | | | |
| **Dualgais Chomhaontaithe:** | | | | | | | |

| | |
|---|---|
| **Síniú na bpáirtithe sa chomhaontú:**<br>Léigh agus thuig mé an Beartas um Obair Dheonach/Thaithí Oibre de chuid BOOÁCDL agus aontaím cloí leis na coinníollacha atá leagtha amach.<br><br>**Oibrí Deonach** **Dáta**<br>______________________________<br>( ) **Dáta** | |

**Sínithe thar ceann BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire**
**(**Príomhoide/Stiúrthóir/Comhordaitheoir)

TÁ AN LEAGAN AR LÍNE FAOI RIALÚ. TÁ LEAGAN ÍOSLÓDÁILTE NÓ CÓIP CHRUA GAN RIALÚ